**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, tá iachall orm an cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun é a iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá cuntas an mhéid a caitheadh sa bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014, atá iniata leis seo, ullmhaithe agam do thuarastail agus do chostais an Vóta don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe atá á riar ag an Roinn, agus le haghaidh íocaíocht deontas, lena n-áirítear deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta

Is minic a chuirtear táirgeacht an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheontar ag Dáil Éireann faoin Acht um Leithreasú 2014, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair caiteachais don bhliain agus curtha ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil i 2014 ó leithreasaí neamhchaite de 2013, faoi na socruithe géilliúna iarchurtha a leagtar síos ag Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Is ann d'fharasbarr de €597,009 ar a ndlitear géilliúint don Státchiste.

***Bunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)***

Rinne an tAcht um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 (An tAcht) soláthar do bhunú Gníomhaireachta nua um Leanaí agus an Teaghlach, a tosaíodh ó 1 Eanáir 2014 (agus a dtagraítear di mar Tusla freisin). Rinne an tAcht soláthar freisin do lánscor na Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais, agus d'aistriú Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh a feidhmíodh roimhe seo ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Vóta 39). Aistríodh gach feidhm, gach sócmhainn agus gach dliteanas a bhain leis na seirbhísí seo chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar thosú di.

Léirítear na deontais a soláthraíodh ag an Roinn seo don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i bhfo-cheannteideal A3.

Déanfar iniúchadh ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Ráiteas na bPolasaithe agus na bPrionsabal Cuntasaíochta

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas Polasaithe agus Prionsabal Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 6. Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha do tháirgeadh cuntas leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú seachas do na rudaí seo a leanas:

***Dímheas***

Cuireadh tús le tionscadal caipitil i 2012 chun an áis náisiúnta coinneála leanaí a fhorbairt ag Baile an Oibricigh. Níl an tsócmhainn á dímheas go dtí go gcuirtear i bhfeidhm í. Níor comhlánaíodh ráiteas ar leith faoi shócmhainní i mbun forbartha agus tá an tsócmhainn tógála ar siúl curtha san áireamh sa Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil.

***Íocaíochtaí do Phobal***

Réamhíoctar cistí do Phobal i dtaca le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal sa bhliain le hais na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.2).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht do chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn. Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil agam agus mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialachtaí ábhartha cé acu a chosc nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

Baineann an ráiteas rialaithe inmheánaigh airgeadais don Roinn Sláinte le hábhar freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 40 i réimsí an airgeadais agus TE. Dá bharr sin, leantar de bheith ag seachadadh seirbhísí párolla, cuntas agus TEC ag an Roinn Sláinte ar son na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Baineann an ráiteas rialaithe inmheánaigh airgeadais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hábhar freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 40 i réimsí an airgeadais i dtaca leis na Scoileanna Coinneála Leanaí.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bhainistithe Sheirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte do sholáthar seirbhísí comhroinnte párolla, cuntas agus TFC agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais do sheirbhísí airgeadais  i dtaca leis na Scoileanna Coinneála Leanaí. Táim ag brath ar litir ráthaíochta ó Oifigigh Cuntasaíochta an Vóta don Roinn tSláinte agus don Vóta don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfuil na rialuithe iomchuí á gcleachtadh i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creatlach na ngnáthamh riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas le fáil i bhfeidhm

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- leagadh síos socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bhainistiú airgeadais
- leagadh síos gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta cuí ceartaithí
- is ann do Choiste Iniúchóireachta chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras inmheánach rialaithe.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach ghnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- Gurb ann do chóras cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag bainisteoirí sinsearacha.
- Go ndéantar athbhreithnithe rialta ag bainisteoirí sinsearacha ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais tuartha.
- Go bhfeidhmíonn córas bainistithe riosca laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais i bhfeidhm ar aidhm leo slándáil na gcóras TEC a chinntiú.

- Gurb ann do threoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus do dhisciplíní foirmeálta bainistithe thionscadail.
- Go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí i bhfeidhm ar dhea-chleachtas i réimse an cheannacháin agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Tá an Roinn comhlíontach, seachas i gcás conartha amháin a bronnadh i 2014 gan chonradh iomaíoch, a raibh luach €29,151 air. Bhain an tseirbhís le hionchuir a bhí riachtanach le haghaidh dhréachtú an Bhille um Leanaí (Leasú) agus cuireadh na sonraí san áireamh i dtuairisceán an Chiorcláin 40/02.
- Sholáthair an Roinn sonraí freisin faoi dhá sheirbhís a sholáthraítear ag soláthraithe d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste taobh amuigh de thuairisceán Chiorclán 40/2002. Bhain ceann amháin le soláthar seirbhísí glantacháin oifigí, a raibh i gceist leis caiteachas ag an Roinn i 2014 de €101,047 faoi chonradh a bronnadh roimhe seo tar éis próisis iomaíoch cur ar tairiscint i 2010. Dheimhnigh an chomhairle dlí a fuair an Roinn go raibh an conradh oidhreachta fós bailí. Ina ainneoin sin is uile, tá sé beartaithe ag an Roinn leas a bhaint as creatchomhaontú do sholáthar seirbhísí glantacháin atá le cur i bhfeidhm go luath ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Bhain an dara seirbhís le soláthar glas speisialaithe le húsáid san Áis nua Náisiúnta Choinneála Leanaí i mBaile an Oibricigh, a raibh i gceist leis caiteachas de €95,743 i 2014. Sa chás seo fuarthas praghsáil iomaíoch ag an Roinn ón mbeirt soláthróirí, an t-aon bheirt atá ar eolas, sular ordaíodh agus sular soláthraíodh na glais.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téitear i bhfeidhm ar a cuid oibre ag anailís na rioscaí airgeadais a bhfuil ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, a cheadaítear agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar obair leantach i dtaca le tuairiscí na feidhme airgeadais inmheánaí.

*Ag feabhsú rialuithe inmheánacha*

Tharla tuilleadh feabhsuithe ar rialuithe inmheánacha airgeadais, sin nó tá siad ar siúl anois, lena n-áirítear

- Táirgeadh doiciméad gnáthamh airgeadais roinne athbhreithnithe agus nuashonraithe le linn 2014. Is é cuspóir an doiciméid ná treoir a thabhairt do bhaill fhoirne na Roinne i dtaca le cuid de na ceisteanna airgeadais ar dócha go n-eascróidh siad le linn a gcuid dualgas oifigiúil. Tá sé i gceist go ngníomhódh sé mar fhoinse fhaisnéise faoi bhunphrionsabail na cuntasaíochta Rialtais, faoin tslí ina gcuirtear i bhfeidhm iad in oibriúcháin laethúla agus freisin chun eolas faoi agus tuiscint ar an obair a chinntiú atá i gceist in Aonad Airgeadais féin na Roinne. Fanfaidh na gnáthaimh seo faoi athbhreithniú le linn 2015 agus déanfar iad a leasú agus a nuashonrú de réir mar is gá.
- Ba í an bhliain 2014 chéad bhliain oibriúcháin na Gníomhaireachta nua um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). Cuireadh tús le hathstruchtúrú na Roinne go déanach i 2013, arbh aidhm leis go páirteach freagrachtaí nua rialachais agus maoirseachta na Roinne sa chomhthéacs seo. Rinne an Rannán Rialachais agus Feidhmíochta dul chun cinn suntasach le linn 2014 maidir le bunú córais bhríoch mhonatóireachta feidhmíochta i gcomhar le comhghleacaithe ó Tusla. Beidh an mhodheolaíocht faoi réir ag tuilleadh athbhreithnithe agus forbartha i 2015.
- Iniúchóir atá cáilithe go gairmiúil atá i gceannas ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh a bhíonn ag feidhmiú ar bhonn comhairleachta agus a dtacaítear leis ag ball foirne lánaimseartha atá ag obair san Aonad. Feidhmíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi threoir agus faoi rialú an Choiste Iniúchta Inmheánaigh (CII) agus an Ard-Rúnaí. Casaim ar an gCeann Iniúchta Inmheánaigh agus ar Chathaoirleach an CII go tréimhsiúil. Tá miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an CII faoi réir ag plé rialta ag an gCCB.

- Cuireann bainisteoirí sinsearacha na Roinne a n-ainm le Ráiteas Ráthaíochta Rialaithe Airgeadais maidir lena réimsí aonair fhreagrachta. Tá na Ráitis seo ar fáil agam mar Oifigeach Cuntasaíochta agus mé ag cur i gcrích an Cuntas Leithreasa.
- Tá próiseas i bhfeidhm chun riosca a aithint agus a bhainistiú. Is é an cuspóir a bhaineann leis sin ná rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus bearta a shracrianú chun na rioscaí sin a rialú agus a bhainistiú ar féidir go bhfuil ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu. Rinneadh bainistiú riosca a ionchorprú sa timthriall pleanála ghnó agus tá tuilleadh measúnachta agus tuilleadh feabhsaithe maidir le bainistiú riosca ar siúl mar chuid de thimthriall pleanála agus athbhreithnithe ghnó 2015. Sa chomhthéacs seo casann MAC na Roinne ar a chéile ar bhonn ráithiúil mar choiste riosca.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

31 Márta 2015

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil atá le cur i láthair i dTithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal cuntasaíochta caighdeánach do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um an Státchiste agus Rannóga Iniúchta 1866, tá sé d'iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach cistí agus réadmhaoine poiblí atá faoina smacht, as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin ina Roinn féin agus as rialtacht agus cuíúlacht gach idirbhirt sna cuntais leithghabhála.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá sé d'iachall orm faoi Alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus a leithéid de thástálacha a chur i gcrích is a mheasaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Ar chríochnú iniúchadh cuntais leithghabhála dom, tá sé de dhualgas orm deimhniú a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, dar liom, go gcuireann an cuntas i láthair go cuí na fáltais is an caiteachas sin a bhaineann leis an Vóta. Tá sé d'iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha

- mar ar theip ar roinn nó oifig caiteachas atá taifeadta sa chuntas a chur i bhfeidhm do na cuspóirí sin dá raibh an leithghabháil a rinneadh ag an Oireachtas i gceist, nó
- mar nach réitíonn na hidirbhearta atá taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil sé airbheartaithe gur cuireadh i gcrích faoi iad.

Faoi Alt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá sé d'iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí na gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu a mbeadh caimiléireacht nó mírialtacht nó earráid i gceist leis. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á déanamh agam, déantar measúnú ar leorgacht iomlán chur i láthair an eolais sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithghabhála i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach chun cuspóirí m'iniúchta. Is í mo thuairim gur coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2015

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige
## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 660,579 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 2,576 | 663,155 | 676,530 | 81,812 |
| B | Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga | | 320,820 | 309,716 | 310,086 |
| C | Clár polasaí agus reachtaíochta | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,755 | | | |
| | *Forlíonadh* | 1 | | | |
| | | | 15,756 | 12,899 | 15,262 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 997,154 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 2,576 | | | |
| | *Forlíonadh* | 1 | | | |
| | | | **999,731** | **999,145** | **407,160** |
| | *Bain as* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gCabhair** | | **22,887** | **22,898** | **5,351** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 974,267 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 2,576 | | | |
| | *Forlíonadh* | 1 | | | |
| | | | **976,844** | **976,247** | **401,809** |

**Farasbarr le haghaidh géilliúna**

Is ar fharasbarr an mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a dhlitear géilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid áirithe d'aon leithreasaí neamhchaite a thabhairt anonn chun iad a chaitheamh sa bhliain dar gcionn.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 597,009 | 32,263,216 |
| Géilliúint iarchurtha | — | (2,576,000) |
| Farasbarr atá le géilliúint | 597,009 | 29,687,216 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,800 | 8,613 | 8,114 |
| ii | Taisteal & liúntas cothaithe | 138 | 78 | 136 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus teagmhasacha | 298 | 170 | 171 |
| iv | Seirbhísí postais agus teileachumarsáide | 106 | 99 | 113 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 151 | 146 | 171 |
| vi | Costais áitribh oifige | 249 | 289 | 367 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe luach airgid agus polasaí | 115 | 85 | 97 |
| *viii* | *Uachtaránacht AE* | — | — | *162*[a] |
| | | 9,857 | 9,480 | 9,331 |

[a] Lena n-áirítear €48,000 i dtaca le tuarastail, pá agus liúntais.

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas Cláir | | 989,665 | 397,829 |
| Pá | | 8,613 | 8,162 |
| Neamhphá | | 867 | 1,169 |
| **Ollchaiteachas** | | **999,145** | **407,160** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **22,898** | **5,351** |
| **Glanchaiteachas** | | **976,247** | **401,809** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (37,944) | | |
| Dímheas | 63 | | |
| | | (37,881) | (3,259) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | 345 | | |
| Meadú stoic | (14) | | |
| | | 331 | 595 |
| **Caiteachas díreach** | | **938,697** | **399,145** |
| | | | |
| **Caiteachas iompartha in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,393 | 2,431 |
| **Glanchostais chláir** | | **941,090** | **401,576** |

### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais seirbhísí gaolmhara déanta as na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 40 iompartha in áit eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Liúntais Aoisliúntais agus Scoir | m | 226 | 177 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 2,127 | 2,239 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 40 | 15 |
| | | 2,393 | 2,431 |

Léiríonn "m" gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir seo.

## 2 An Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **44,480** | **6,599** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 44 | 30 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,278 | 2,522 |
| Ioncam fabhraithe | | 2 | 4 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 5,446 | 9,496 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **7,770** | **12,052** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 5,206 | (479) |
| Costais fhabhraithe | | 337 | 238 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 102 | 139 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 138 | 9,836 |
| **Iomlán dliteanais reatha** | | **5,783** | **9,734** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,987** | **2,318** |
| **Glansócmhainní** | | **46,467** | **8,917** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **46,467** | **8,917** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 8,917 | 6,253 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar Meastacháin | Cuntas | 976,844 | | |
| Géilliúint iarchurtha | Cuntas | — | | |
| Farasbarr le géilliúint | Cuntas | (597) | | |
| Glanvóta | | | 976,247 | 401,809 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompartha in áit eile | 1 | | 2,393 | 2,431 |
| Caiteachas neamhairgead tirim | | | — | — |
| Glanchostas cláir | 1 | | (941,090) | (401,576) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **46,467** | **8,917** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Sócmhainní i mbun forbartha | Trealamh oifige | Troscán agus feistithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 6,444 | 656 | 566 | 7,666 |
| Breiseanna | 37,925 | 13 | 6 | 37,944 |
| Costas nó luachail ag 31 Nollaig 2014 | 44,369 | 669 | 572 | 45,610 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | — | 595 | 472 | 1,067 |
| Dímheas don bhliain | — | 31 | 32 | 63 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | — | 626 | 504 | 1,130 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **44,369** | **43** | **68** | **44,480** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **6,444** | **61** | **94** | **6,599** |

| **2.3 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 16 | 6 |
| Tomhaltáin TE | 28 | 24 |
| | 44 | 30 |

| **2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí go OOP | 88 | 6,985 |
| Cáin Ioncaim | (3) | 4 |
| Míreanna eile fionraí dochair | 5,361 | 2,507 |
| | 5,446 | 9,496 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach na Seirbhísí Gairmiúla | 35 | 57 |
| Cáin Ábhartha Chonraitheoirí | 3 | 2 |
| Cáin bhreisluach | 5 | 16 |
| Caiteachas infhorchúitithe scéime saorthaistil | 1 | 4 |
| Pinsin | (5) | — |
| | 39 | 79 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | — | — |
| Míreanna eile fionraí creidmheasa | 63 | 60 |
| | 102 | 139 |

| **2.6 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilliúint | 597 | 29,687 |
| Géilliúint iarchurtha | — | 2,576 |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (459) | (22,427) |
| Glandliteanas don Státchiste | 138 | 9,836 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 5,446 | 9,496 |
| | 5,446 | 9,496 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (5,206) | 479 |
| Dlite don Stát | (39) | (79) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (63) | (60) |
| | (5,308) | 340 |
| | 138 | 9,836 |

| **2.7 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |

Ceangaltais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta ina dhiaidh seo do na rudaí seo a leanas

| **(a) Ceangaltais domhanda** | | |
|---|---|---|
| Focheannteidil soláthair | 785 | 2,508 |
| Focheannteidil deontais | 418 | 585 |
| Iomlán ceangaltais | 1,203 | 3,093 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(tionscadail a bhfuil costais de €6,348,690 nó níos mó acu)

| | | | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas go 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh seo** | **Iomlán tionscadail** | **Iomlán tionscadail** |
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Áis Náisiúnta Coinneála Leanaí | 4,363 | 37,925 | 14,152 | 56,440 | 56,440 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Focheannteidil

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 2,376 | 2,308 | 2,219 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 285 | 203 | 312 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | 609,124 | 619,318 | 640 |
| A.4 | Ceartas i leith an Aosa Óig – Scoileanna Coinneála Leanaí | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 48,794 | | | |
| | *Géilliúint iarchurtha* | 2,576 | 51,370 | 54,701 | 19,293 |
| — | *An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh* | | — | — | *24,152* |
| — | *An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais* | | — | — | *8,753* |
| — | *Clár Críochnaithe Scolaíochta* | | — | — | *26,443* |
| | | | 663,155 | 676,530 | 81,812 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, ba é luach an chaiteachais maidir le Clár A ná €13.38 milliún níos mó ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara leath 2014, agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d’aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ceartas i leith an Aosa Óig – Scoileanna Coinneála Leanaí | (3,331) | Baineann na hacmhainní breise le costas na n-oibreacha forbartha caipitil ag an Áis Náisiúnta Coinneála Leanaí i mBaile an Oibricigh, Co. Átha Cliath. Bhí luach an chaiteachais i 2014 €5.9 milliún níb'airde ná an bunmheastachán. Ba iad na príomhchúiseanna dó sin ná (i) tabhairt anonn géilliúna iarchurtha de €2.576 milliún ó 2013 agus (ii) ionramháil chuntasaíochta shuime (€6.9 milliún) a réamhíocadh do OOP agus nár aithníodh i Vóta 2014 go dtí go ndearna OOP na híocaíochtaí ábhartha. Clúdaíodh an róchaiteachas san fho-cheannteideal ag vírmint. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 2,376 | 2,207 | 2,211 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 285 | 188 | 229 |
| B.3 | Clár bliana réamhscoile COLÓ | 175,000 | 173,797 | 174,112 |
| B.4 | Cláir ghinearálta chúraim leanaí | 79,129 | 76,701 | 76,121 |
| B.5 | Tionscnaimh chúraim leanaí (le huasteorainn airgid thirim) | 9,500 | 2,300 | 18 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 50,530 | 50,523 | 53,895 |
| B.7 | Clár óige ceantarbhunaithe | 4,000 | 4,000 | 2,500 |
| — | *Íocaíocht luathchúraim leanaí* | — | — | *200* |
| — | *Luathchlár idirghabhála do leanaí (páirtmhaoinithe ag an gCiste Cuntas Díomhaoin )* | — | — | *800* |
| | | 320,820 | 309,716 | 310,086 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, ba é luach an chaiteachais maidir le Clár B ná €11.1 milliún níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara leath 2014, agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár bliana réamhscoile COLÓ | 1,203 | D'eascair an gannchaiteachas mar gheall ar laghduithe déimeagrafacha i líon na leanaí a ghlacann páirt sa chlár. |
| Cláir ghinearálta chúraim leanaí | 2,428 | D'eascair an éagsúlacht mar gheall ar mhoill i dtaca le tosú an chláir "Tús Níos Fearr" do sheirbhísí réamhscoile. |
| Tionscnaimh chúraim leanaí (le huasteorainn airgid thirim) | 7,200 | D'eascair an éagsúlacht mar go raibh líon na bhfaighteoirí cáilitheacha leasa shóisialaigh a aithníodh ag an Roinn Coimirce Sóisialta le haghaidh iontrála sa Chlár Cúraim Leanaí Iarscoile agus sa Chlár Cúraim Leanaí Fostaíochta Pobail níos ísle ná mar a réamh-mheasadh i dtús báire. |

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Táirgeacht | | Táirgeacht |
| | | €000 | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **C** | **Clár Polasaí agus Reachtaíochta** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | 4,048 | 4,098 | | 3,732 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 487 | 476 | | 628 |
| C.3 | Táillí agus socruithe dlíthiúla ilghnéitheacha | | 848 | 124 | | 220 |
| C.4 | Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha agus cláir eile thaighde | | 1,472 | 616 | | 3,434 |
| C.5 | Creatlach pholasaí leanaí agus daoine óga agus cláir eile | | 3,508 | 1,797 | | 1,965 |
| C.6 | Deontais chuig eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 910 | 910 | | 500 |
| C.7 | Údarás Uchtála na hÉireann | | 2,594 | 2,990 | | 2,895 |
| C.8 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | | 1,888 | 1,888 | | 1,888 |
| C.9 | Coimisiún Fiosrúcháin | | | | | |
| | *Bun* | — | | | | |
| | *Forlíonadh* | 1 | 1 | — | | — |
| | | | 15,756 | 12,899 | | 15,262 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, ba é luach an chaiteachais maidir le Clár C ná €2.86 milliún níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara leath 2014, agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhocheannteidil éagsúla laistigh den vóta chun freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhocheannteidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí agus socruithe dlíthiúla ilghnéitheacha | 724 | Go ginearálta bíonn sé deacair íocaíochtaí a bhaineann le himeachtaí dlíthiúla a thuar agus bhí siad seo cuid mhór níos lú ná mar a measadh. |
| Staidéar náisiúnta fadaimseartha agus cláir eile | 856 | D'eascair an gannchaiteachas ós rud é go raibh na heisíocaíochtaí ciste don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i dtreo chríochnú Chéim 1 de 'Ag Fás Aníos in Éirinn - An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí' níb'ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis mar gheall ar chostais laghdaithe a bhain le saothar allamuigh agus le foireann. |
| Creatlach pholasaí do leanaí agus do dhaoine óga eile agus cláir eile | 1,711 | Tacaíonn an fo-cheannteideal seo le raon clár mar a raibh leibhéal an chaiteachais do sholáthar roinnt seirbhísí níb'ísle ná mar a measadh.  Go príomha, ba iad na réimsí inar eascair gannchaiteachas ná Cláir idirghabhála do Leanaí agus do Dhaoine Óga (€1.400 milliún), Coistí Seirbhísí na Leanaí agus na nDaoine Óga (€0.140 milliún) Creatlach Pholasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga (€0.071 milliún), Súgradh agus Caitheamh Aimsire (€0.061 milliún) agus Comhairle na nÓg (€0.043 milliún). |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a ndearnadh soláthar dó €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Údarás Uchtála na hÉireann | (396) | Baineann an caiteachas farasbairr le hais an tsoláthair mheastacháin go príomha le costais dhlíthiúla a tabhaíodh ag Údarás Uchtála na hÉireann maidir le ceisteanna dlíthíochta thart ar uchtuithe intíre agus idirnáisiúnta. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 9,070 | 9,027 | — |
| 2. | Scéim aoisliúntais le haghaidh foirne neamhtheagaisc i Scoileanna Coinneála Leanaí | 409 | 504 | 498 |
| 3. | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 4. | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | — | — |
| 5. | Ilghnéitheach | 1,474 | 959 | 15 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 11,931 | 12,408 | 1,878 |
| — | *Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh* | — | — | *18* |
| — | *Scéim aoisliúntais – An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais* | — | — | *289* |
| — | *Fáltais AE – Clár Cúraim Leanaí Comhdheiseanna* | — | — | *1,853* |
| — | *Maoiniú Cistí Díomhaoine* | — | — | *800* |
| | **Iomlán** | **22,887** | **22,898** | **5,351** |

**Míniú na n-éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach focheannteidil mar a raibh an táirgeacht éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | 515 | Tharla an éagsúlacht ós rud é go raibh na fáltais dlite ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach níb'ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis. D'eascair sin mar gheall ar rómheastachán luach na bhfáltas le linn dí-chomhbhailiú na bhforálacha buiséid a bhaineann le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh a aistríodh ó Vóta 39 den FSS chuig an nGníomhaireacht ar bhunú di. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| An Roinn | 142 | 135 |
| Gníomhaireachtaí | 3,654 | 330 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 7,962 | 7,535 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 139 | 135 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | 38 | 60 |
| ÁSPC an Fhostóra | 473 | 431 |
| **Iomlán pá** | **8,613** | **8,162** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 19 | 5 | 17,949 | 18,773 |
| Liúntais eile | 6 | — | 225 | 225 |
| Ragobair | 20 | 1 | 11,359 | 14,665 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

Baineann an pá, na liúntais agus sonraí eile tuarastail thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach ón vóta faoi chláir A, B agus C.

**5.2 Foireann Ghníomhaireachta**

Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí, agus dá réir ní bhíonn faisnéis mhionsonraithe faoi phá agus faoi liúntais á coinneáil ag an Roinn de ghnáth i dtaca le foireann ghníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus le pá na bhfostaithe i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/ ó na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ón ngníomhaireacht faoi thrácht.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 3,421 | — |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 200 | 189 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 23 | 24 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 10 | 10 |
| An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | — | 14 |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | — | 93 |
| **Iomlán** | **3,654** | **330** |

| **Pá** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 204,849 | — |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 12,936 | 12,507 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,450 | 1,642 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 723 | 744 |
| An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | — | 1,070 |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | — | 5,312 |
| **Iomlán pá** | **219,958** | **21,275** |

Aistríodh na feidhmeanna, an fhoireann agus an maoiniú gaolmhar don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus don Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach arna bunú ar 1 Eanáir 2014

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí párolla ar luach €24,031 agus a raibh beirt bhall foirne i gceist leo fós le híoc ar ais ag 31 Nollaig 2014. Bhain na ró-íocaíochtaí le moill maidir le PeoplePoint.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Maoiniú Crannchuir Náisiúnta**

| Fo-theidil | Cur síos | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 50,523 | 53,895 |
| C.6 | Deontais chuig eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 910 | 500 |

Tá liosta d'fhaighteoirí an mhaoinithe agus na méideanna a íocadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.dcya.gov.ie

**6.2 Íocaíochtaí do Phobal**

De réir pholasaí cuntasaíochta na Roinne, gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal le linn na bliana (€102.859 milliún) do na fo-cheannteidil ábhartha faoi mar a leagtar amach thíos.

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| **Focheannteidil** | | |
| B.3 | 9,610 | 9,797 |
| B.4 | 76,343 | 76,059 |
| B.5 | 2,300 | 2,461 |
| B.6 | 10,051 | 12,042 |
| B.7 | 4,000 | — |
| C.5 | 555 | 224 |
| **An méid iomlán a íocadh do Phobal i 2014** | **102,859** | **100,583** |

Ag 31 Nollaig 2014, bhí cistí i seilbh Phobail ar luach iomlán €15.98 milliún a bhí réamhíoctha dó ach nach raibh caite ag deireadh na bliana (2013: €12.22 milliún).

**6.3 Costais dhlíthiúla**

| Déantar na costais dhlíthiúla a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas: | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Táillí dlíthiúla | 28 | 49 |
| Cúiteamh | 206 | 290 |
| | 234 | 339 |

**6.4 Dliteanas teagmhasach**

Eascróidh dliteanais de thoradh ar an dúshlán dlíthiúil i leith thoradh Reifreann na Leanaí. Bronnadh an tríú cuid dá cuid costas dlíthiúil ar an achainíoch ag an Ardchúirt i Mí na Samhna 2013 ach tá an méid iarbhír agus uainiú na híocaíochta fós le cinneadh.

**6.5 Coimisiúin agus Sainfhiosrúcháin**

Fuair an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige meastachán forlíontach i Mí na Nollag 2014 do shuim nóiseanúil de €1,000 chun cruthú focheannteidil nua i Vóta na Roinne don Choimisiún Fiosrúcháin faoi Árais Mháithreacha agus Leanaí agus nithe gaolmhara áirithe. Bunaíodh an Coimisiún ina dhiaidh sin ar 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Choimisiún Fiosrúcháin (Árais Mháithreacha agus Leanaí agus Nithe Gaolmhara Áirithe) 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015).

**6.6 Cistí Neamhvótáilte**

Riar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige suim €4,800 trí chuntas fionraí vóta a fuarthas ó Chomhairle na hEorpa i dtreo fhorbairt Uirlise Measúnaithe Rannpháirtíochta Leanaí. Cuid de phróiseas leanúnach é seo a tionscnaíodh ag Comhairle na hEorpa chun a chinntiú gur féidir le gach leanbh agus gach duine óg laistigh de bhallstáit de chuid Chomhairle na hEorpa a gceart a chleachtadh le go n-éistfí lena nglór, le go nglacfaí leo go dáiríre agus le go mbeidís rannpháirteach i gcinnteoireacht i ngach ceist a bhaineann leo.